2013. M49T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL**
**CUMADÓIREACHT (100 marc)**
**DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair a úsáid do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**LEATHANACH BÁN**

**Freagair DHÁ cheist - Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

GAN ACH CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo:* C1 *nó* C2 *nó* C3. *Tabhair faoi deara go bhfuil dhá roinn i* gC1 *agus i* gC3.

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b) araon,

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta a thugtar a bheadh oiriúnach do gach ceann de na séiseanna atá agat.

(a) ❐ fliúit ❐ veidhlín ❐ cláirnéid ❐ fliúit Shasanach fhorshéise




*AGUS*

(b) ❐ trumpa ❐ veidhlín ❐ óbó ❐ cláirnéid




**(40)**


## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Freagair (a) *agus* (b).

Seo a leanas sliocht as *Subway* le S.E. Ó Cearbhaill.

Daoine dubha is daoine buí,
daoine bána is roinnt leat slí,
daoine ina seasamh, daoine ina suí
i ngreim le greim ar chuile ní.

(a) • Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.





daoi - ne in - a seas - amh, daoi - ne in - a suí i

ngreim le greim ar chui - le ní.

(b) • Ag úsáid na rithime seo, cum séis ocht mbarra, a thosaíonn mar a thaispeántar agus a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.




**(40)**

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.

• Críochnaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

❒ óbó ❒ cláirnéid ❒ veidhlín ❒ corn




*AGUS*

(b) Déan staidéar ar oscailt na minite seo.

• Críochnaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

❒ cláirnéid ❒ fliúit ❒ veidhlín ❒ óbó




**(40)**


**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

GAN ACH CEIST AMHÁIN *sa roinn seo a fhreagairt:* C4 *nó* C5 *nó* C6

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | Elagh |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

- Deán staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Ag úsáid na rithimí a thugtar, cuir isteach nótaí séise agus dordnótaí chun gach mír díobh seo a chríochnú le cordaí dúnta agus le réamhchordaí mar seo a leanas:

(i) Ag A, dúnadh BRISTE le réamhchorda (ii—V—vi)

(ii) Ag B, dúnadh NEAMHFHOIRFE le réamhchorda (IV—I—V)

(iii) Ag C, dúnadh TÁNAISTEACH le réamhchorda (vi—IV—I)

(iv) Ag D, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (IV—V—I)





**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála C ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | G<br>E<br>C | | B<br>G<br>E | | | | F<br>D<br>B |
| Siombail an chorda | C | | Em | | | | Blagh |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chríochnú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.





**(60)**

## C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála B♭ ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | F<br>D<br>B♭ | | A<br>F<br>D | | | | E♭<br>C<br>A |
| Siombail an chorda | B♭ | | Dm | | | | Alagh |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach cordaí oiriúnacha agus nótaí forshéise ag A, B, C agus D chun deireadh na míreanna a chríochnú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**

**2013. M51T**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❒ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- ❒ *Éist chun go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- ❒ *Is féidir do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- ❒ *Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❒ *Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.*
- ❒ *Ná tabhair aon pháipéir eile leat isteach i halla an scrúdaithe.*
- ❒ *Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*


**C. 1** Trí shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.


**Sliocht 1.**



**Sliocht 2.**




**Sliocht 3. Tá na barraí 1–9 sa sliocht seo priontáilte thíos**



**Sliocht 1**

(i) Baineadh an sliocht seo

❒ as an bhfoilsiú ❒ as an bhforleathnú ❒ as an gCoda

(ii) Is í an chnaguirlis a chloistear sna barraí 1–10 ná

❒ sreangdhruma ❒ timpani ❒ dord-druma

Is é a seinntear air ná

❒ rithim shioncóipithe ❒ rithim phoncaithe ❒ rithim thríphléideach

(iii) Ainmnigh uirlis **amháin** ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Is iad na huirlisí atá á seinm sa sliocht seo ná

❒ na cnaguirlisí ❒ na gaothuirlisí ❒ na téaduirlisí

(ii) Cuir isteach an **dá** nóta séise atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

(iii) Is í uigeacht an cheoil sa sliocht seo ná

❒ monafónach ❒ ilfhónach ❒ homafónach

**Sliocht 3**

(i) Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

❒ téama Friar Laurence ❒ téama an Ghrá ❒ téama an Aighnis

Is é a sheinntear ar an gcruit sa tionlacan ná

❒ nótaí athdhéanta ❒ scálaí ❒ cordaí

(ii) Is é atá sna barraí deireanacha den sliocht seo ná cordaí *tutti*. Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar ghné **amháin** den cheol Rómánsach a chloistear in *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as an gcantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo as

❒ gluaiseacht 3 ❒ gluaiseacht 4 ❒ gluaiseacht 5

(ii) Is é atá sa ghluaiseacht seo ná

❒ áiria ❒ reacaireacht ❒ curfá

Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Is é an guth a chanann líne an ghutha sa sliocht seo ná

❒ alt ❒ teanór ❒ dord

Ainmnigh gné **amháin** de líne an ghutha seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Is iad an **dá** huirlis ar a seinntear an tionlacan ná

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Cóiriú siollach atá leis na focail sa sliocht seo.
Mínigh *siollach* maidir leis an gceol a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _


_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Tá breac-scór de na barraí 1–18 sa sliocht priontáilte thíos.




• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo as

☐ tús an tsaothair ☐ lár an tsaothair ☐ críoch an tsaothair

Tá an sliocht seo bunaithe ar fhonn Gaelach.

Ainmnigh an fonn seo ________________________________________

(ii) Is iad na huirlisí atá á seinm sna barraí 1–14 sa sliocht seo ná

☐ an veidhlín agus an vióla ☐ an vióla agus an dordveidhil ☐ an dordveidhil agus an pianó

(iii) Cén **dá** cheann díobh seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

☐ pizzicato ☐ canóin ☐ armónaic

☐ molto flautando ☐ nóta troitheánach ☐ scála suas

(iv) Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** (barra 14) ar an scór thuas, ná

☐ 2/2 ☐ 3/2 ☐ 3/4

(v) Sainaithin gné **amháin** de stíl Gerald Barry mar a chloistear í in *Ceathairéad Pianó Uimh.1*.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Tá liricí an tsleachta seo priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | So you think you can stone me and spit in my eye. |
| Líne 2 | So you think you can love me and leave me to die. |
| Líne 3 | Oh baby, can't do this to me baby, |
| Líne 4 | Just gotta get out, just gotta get right outta here. |

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cé acu ceann **amháin** díobh seo a leanas a chloistear ar an ngiotár ag tús an tsleachta seo?

❐ nótaí athdhéanta ❐ scálaí suas ❐ airpéitse suas

(ii) Tá an tséis ghutha i líne 1 agus i líne 2

❐ díreach mar a chéile ❐ cosúil lena chéile ❐ éagsúil ar fad

(iii) Is iad na huirlisí atá á seinm sa sliocht seo ná

❐ giotáir agus pianó

❐ giotáir, pianó agus drumaí

❐ giotáir agus drumaí

(iv) Is í stíl an cheoil sa sliocht seo ná

❐ stíl cheoldrámata ❐ stíl roc ❐ stíl phop/bhailéadach

Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Is í an rannóg a thagann go díreach i ndiaidh an tsleachta seo in *Bohemian Rhapsody* ná

❐ an príomhamhrán ❐ an rannóg cheoldrámata ❐ an Coda

Déan cur síos ar ghné **amháin** den cheol a chloistear sa rannóg atá roghnaithe agat.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht, gach ceann díobh á sheinm TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Is é an fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

☐ ríl ☐ port ☐ cornphíopa

(ii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an gcineál seo damhsa ná

☐  ☐  ☐ 

(iii) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Ainmnigh stíl na hamhránaíochta a chloistear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin **dhá** ghné den stíl amhránaíochta seo a chloistear sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Caoineadh is ea an t-amhrán a chloistear sa sliocht seo. Céard é caoineadh?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 3**

(i) Cumasc de stíleanna ceoil is ea an ceol sa sliocht seo.
**Dhá** cheann de na stíleanna seo ná

| | | |
|---|---|---|
| ❒ popcheol | ❒ snagcheol | ❒ ceol traidisiúnta Gaelach |
| ❒ ceol ceoldráma | ❒ ceol clasaiceach | ❒ roc-cheol |

(ii) Déan cur síos ar ghné **amháin** de gach stíl atá roghnaithe agat mar a chloistear í sa sliocht seo.

Stíl 1 ________________

Gné ________________________________________________

________________________________________________

Stíl 2 ________________

Gné ________________________________________________

________________________________________________

(iii) Ainmnigh an uirlis Ghaelach ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.


__________________________

**(25)**

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar THRÍ shliocht as *Zadok the Priest* le G.F. Handel.

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire.
- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.




**Sliocht 1**

(i) Cé mhéad barra ceoil a chloistear san intreoir sula dtagann na guthanna isteach?

☐ 3 ☐ 4 ☐ 5

(ii) Is iad na guthanna a chloistear sa sliocht seo ná

☐ sopráin agus ailt ☐ teanóir agus doird ☐ lán-chór SATD

(iii) Cuir isteach na **trí** nóta séise atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas.

**Sliocht 2**

(i) Sainaithin éagsúlacht **amháin** idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i Sliocht 1.

_______________________________________________

(ii) Sa tionlacan, cloistear

☐ rithim phoncaithe ☐ rithim shioncóipithe ☐ rithim mhín réidh

**Sliocht 3**

- Tá focail na línte 1–4 sa sliocht seo priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | <u>God save the King</u>, long live the King, God save the King! |
| Líne 2 | May he live forever |
| Líne 3 | Amen, amen, alleluia, alleluia, amen. |
| Líne 4 | A - - - - - men, amen, amen, alleluia, amen. |

(i) Is í rithim na bhfocal i líne 1 a bhfuil líne fúthu ná



(ii) Sa cheol i líne 1 cloistear

❒ seichimh ❒ scálaí ❒ athdhéanamh

(iii) Is iad na guthanna a chloistear i líne 2 ná

❒ sopráin ❒ ailt ❒ teanóir

(iv) Ainmnigh uirlis phráis **amháin** agus cnaguirlis **amháin** a chloistear sa sliocht seo.

Uirlis phráis ________________________

Cnaguirlis ________________________

(v) Is é an cur síos is fearr ar stíl an cheoil sa sliocht seo ná

❒ áiria ❒ reacaireacht ❒ curfá

Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1 ________________________________________

________________________________________

Cúis 2 ________________________________________

________________________________________

**(20)**

**Tá cúig nóiméad agat chun an scrúdpáipéar a chríochnú.**

**LEATHANACH BÁN**